Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Iúil 2026
(OR. en)

11615/26

LIMITE

JUSTCIV 90
JAI 958
FREMP 238

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0170(NLE)**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear na Ballstáit le bheith ina bpáirtithe nó le leanúint de bheith ina bpáirtithe, chun leasa an Aontais Eorpaigh, i gCoinbhinsiún an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta – Comhaontú i bprionsabal – Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. Glacadh Coinbhinsiún na Háige an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta ag Comhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach an 13 Eanáir 2000 ("Coinbhinsiún na Háige 2000"). An 31 Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear na Ballstáit le bheith ina bpáirtithe nó le leanúint de bheith ina bpáirtithe, chun leas an Aontais Eorpaigh, i gCoinbhinsiún an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta[1].

2. Tá an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle bunaithe ar Airteagal 81(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhar le hAirteagal 218(6) de. Dá bhrí sin, is gá toiliú ó Pharlaimint na hEorpa.

[1] 10136/23

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Daoine Fásta a Chosaint agus Ceisteanna Ginearálta) an togra ag roinnt cruinnithe le linn 2023, 2024, 2025 agus 2026. I bhfianaise an scrúdaithe sin agus na mbarúlacha a thug na toscaireachtaí, leasaíodh an togra.

4. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

5. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh atá beartaithe agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Coreper/ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) teacht ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear Ballstáit áirithe le bheith ina bpáirtithe, chun leas an Aontais Eorpaigh, i gCoinbhinsiún na Háige an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air (9902/26); agus

   (b) cinneadh a dhéanamh an dréachtchinneadh ón gComhairle a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil, i gcomhréir le hAirteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---



PUBLIC